


Rannóg Pholasáí,
Churaclaim agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna, Bloc 2, Sráid
Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892291



Curriculum and Assessment
Policy Unit,
Department of Education
and Skills, Block 2
Marlborough Street,
Dublin 1

Fax (01) 8892040

Circular Letter 0018/2017

**To the Principals and Boards of Management of Second-Level Schools and Special Schools,
and to the CEs of Education and Training Boards**

**Prescribed Material for the Junior Certificate/Junior Cycle Examination in 2019 and
Leaving Certificate Examination in 2019**

The Department of Education and Skills

- (a) wishes to inform the management authorities of second-level schools that the prescribed material for the Junior Certificate and Leaving Certificate Examinations in 2019 is on the attached list
- (b) requests school authorities to give adequate notice of these texts to students before the start of the relevant school year.

Imlitir 0018/2017

**Chuig: Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal agus na
Scoileanna Speisialta, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oilúna**

**Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh/na Sraithe Sóisearaí
agus Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2019**

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

- (a) a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal gur ar an liosta iniata atá an t-ábhar atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2019
- (b) a iarraidh ar údaráis bhainistíochta dóthain réamhfhógra faoi na téacsanna seo a thabhairt do dhaltáí roimh thús na scoilbhliana atá i gceist.

Eamonn Moran
Principal Officer
March 2017

THE JUNIOR CERTIFICATE/CYCLE, 2019

1. In the case of the subjects Art, Craft, Design; Civic, Social and Political Education; Classical Studies; Environmental and Social Studies; Ancient Greek; Jewish Studies; French; German; History and Geography; Home Economics; Irish; Italian; Materials Technology (Wood); Metalwork (Materials & Technology); Music; Religious Education; Spanish; Technology; Technical Graphics; Mathematics; and Latin, the examination in 2019 will be based on the Junior Certificate syllabuses in those subjects which have been issued to second-level school authorities. In the case of Music and Latin, attention is also drawn to the prescribed material below.

In the case of English, Science and Business Studies the examination in 2019 will be based on the new Junior Cycle English, Science and Business Studies specifications respectively. The prescribed material for Junior Cycle English is detailed in Circular 0032/2014.

AN TEASTAS/TSTRAITH SÓISEARACH, 2019

I gcás na n-ábhar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil; Léann Clasaiceach; Staidéar Imshaoil agus Sóisialta; Gréigis Ársa; Léann Giúdach; Stair agus Tíreolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Fraincís; Gearmáinis; Gaeilge; Iodáilis; Teicneolaíocht; Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad); Ceol; Oideachas Reiligiúnach; Spáinnis; Grafaic Theicniúil; Míotalóireacht (Ábhair agus Teicneolaíocht); Matamaitic; agus Laidin, bunófar an scrúdú sa bhliain 2019 ar shiollabais an Teastais Shóisearaigh sna hábhair sin atá eisithe chuig údaráis scoileanna dara leibhéal. I gcás an Cheoil agus na Laidine, díritear aird freisin ar an ábhar atá leagtha síos, anseo thíos.

I gcás an Bhéarla, na hEolaíochta agus Staidéar Gnó beidh scrúdú 2019 bunaithe ar na sonraíochtaí nua do Bhéarla, Eolaíocht agus Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí faoi seach. Tá an t-ábhar atá leagtha síos do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí mionsonraithe i gCiorclán 0032/2014.

N.B. Website for syllabuses: www.education.ie > **Education Staff** > **Curriculum and Syllabus** > **Junior Cycle** > **Syllabuses and Prescribed Material** > **syllabuses in alphabetic order**

N.B. Láithreán Gréasáin i gcomhair na Siollabas: www.education.ie > **Foireann Oideachais** > **Curaclam agus Siollabas** > **an tSraith Shóisearach** > **Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe** > **siollabais in ord aibítire**

Prescribed Material for Junior Certificate Examinations 2019
Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh 2019

LATIN
LÁIDÍN

The following is the prescribed Latin poetry for the Junior Certificate Examination in 2019.

Seo a leanas an fhilíocht atá leagtha síos don Laidin le haghaidh Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2019.

Údar (Author)	Gnáthleibhéal (Ordinary Level)	Sleachta sa bhreis don Ardleibhéal. (Additional for Higher Level)
Catullus	(IV), (IX)	
Ovid	(XI), (XXII), (XXV), (XXVIII), (XXXII)	(XXIII), (XXIV), (XXVI), (XXVII), (XXXIII)
Virgil	(LIV), (LVI), (LVII) (LXI), (LXIII)	(LV), (LXIV)
	Sleachta (Extracts) 12; Línte (Lines) 117.	Sleachta (Extracts) 7; Línte (Lines) 81.

MUSIC

In the case of Music, the prescribed works for the Junior Certificate Examination in 2019 are as prescribed in **Group B (Appendices F and G)** of the syllabus.

CEOL

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2019 ná iad siúd atá leagtha síos i nGrúpa B (Aguisíní F agus G) an tsiollabais.

Website: www.education.ie > www.education.ie > **Education Staff > Curriculum and Syllabus > Junior Cycle > Syllabuses and Prescribed Material > music syllabus**

Láithreán Gréasáin : www.education.ie > **Foireann Oideachais > Curaclam agus Siollabas > an tSraith Shóisearach > Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe > siollabas an cheoil**

Prescribed Material for Leaving Certificate Examinations 2019
Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2019 ANCIENT

GREEK

Leaving Certificate Ancient Greek prescribed texts

Leaving Certificate (Ordinary Level) in 2019: Refer to Syllabus.

Leaving Certificate (Higher Level) in 2019:

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: **The Intellectual Revolution** (Published by Cambridge University Press, 2nd edition 2015) – **Part I Euripides**, Pages 7 – 51, inclusive. (Selections in Greek and in translation, from Euripides' Medea).

or

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: **A World of Heroes**, (Published by Cambridge University Press, 2nd edition 2015) – **Part II Herodotus**, Pages 82 - 123 inclusive. (Selections in Greek and in translation, from Herodotus I and VII).

GRÉIGIS ÁRSA

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Gnáthleibhéal**) sa bhliain 2019: Feic Siollabas

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Ardleibhéal**) sa bhliain 2019:

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha: **An Réabhlóid Intleachta**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge, 2ú eagrán 2015) – **Cuid I Euripides**, Leathanaigh 7 - 51, ar fad san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Medea le Euripides).

nó

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha: **Saol na Laochra**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge, 2ú eagrán 2015) – **Cuid II Herodotus**, Leathanaigh 82 - 123 ar fad san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Herodotus I agus VII).

BUSINESS

In the 2019 Leaving Certificate Examination in Business at Higher level, the Applied Business Question (ABQ), will be based on Units 1, 2 and 3 of the syllabus.

GNO

I Scrúdú Ardteistiméireachta na bliana 2019 sa Ghnó ar an Ardleibhéal, bunófar an Cheist faoi Ghnó Feidhmeach (ABQ), ar Aonaid 1, 2 agus 3 an tsiollabais.

CLASSICAL STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2019: As for 2016

LÉANN CLASAICEACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2019: Mar atá i 2016.

ENGINEERING

The special topic prescribed for the Leaving Certificate Examination in 2019 is:

“Basic principles of operation and applications of nanotechnology.”

INNEALTÓIREACTH

Is í an topaic faoi leith atá leagtha síos do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2019 ná:

“Teicneolaíocht na nanaitheicneolaíochta: bunphrionsabail oibríochta agus feidhmeanna.”

GAEILGE

Maidir le hábhar atá leagtha síos do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2019, (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) díritear aird ar a bhfuil foilsithe ina thaobh seo agus atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie) mar atá:

- Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) le héifeacht ó 2010.

GAEILGE na hARDTEISTIMÉIREACHTA PRÓS AGUS FILÍOCHT DO NA BLIANTA 2016-2019

GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Leanfaidh an cúrsa próis agus filíochta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do na blianta 2016-2018 gan athrú ón gcúrsa mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do na blianta 2010-2012, 2011-2013, 2012-2014, 2013-2015, 2015-2017.

1. PRÓS: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

1(a) Prós Comónta Ainmnithe NÓ 1(b) Prós: Ábhar Roghnach

1(a) Prós Comónta Ainmnithe:

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe próis atá molta don **Ghnáthleibhéal agus** don **Ardleibhéal**.

- (i) ***Oisín i dTír na n-Óg***: Scéal béaloidis as *Seanchas na Féinne* – Niall Ó Dónaill (eagarthóir) (An dara heagrán, An Gúm, 1996) [Lgh.69 – 73].
- (ii) ***An Gnáthrud***: Déirdre Ní Ghrianna as *An Gnáthrud* – Déirdre Ní Ghrianna (Coiscéim, 1999) [Lgh.61 – 65].

nó

Seal i Neipeal: Cathal Ó Searcaigh as *Seal i Neipeal* – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2004) [Lgh.78 – 83].

**[Díritear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thuas idir:
An Gnáthrud agus Seal i Neipeal.]**

- (iii) ***Dís***: Siobhán Ní Shúilleabháin as *Í Siúd* – Siobhán Ní Shúilleabháin (Cló Iar-Chonnachta, 1999) [Lgh. 58-63].
- (iv) ***Hurlamaboc***: Éilís Ní Dhuibhne as *Hurlamaboc* – Éilís Ní Dhuibhne (Cois Life, 2007) [Caibidil 1, Lgh. 5 -9].

- (v) **Cáca Milis:** (Gearrscannán)
as *Gearrscannáin-DVD* (Bord Scannán na hÉireann & TG4, 2004).

nó

An Lasair Choille: (Gearrdhráma) Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtnéide
as *Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós* – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
[Lgh. 125-139].

[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (v) thuas .i. dráma **nó** scannán.]

NÓ

1(b) Prós: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Is den riachtanas é go gcloifí leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú. Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(i) Cineálacha:

Cúig ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:

- (i) **Sliocht béaloidis**
- (ii) **Giota as saothar dírbheathaisnéise/dialann taistil**
- (iii) **Gearrscéal [go huile]**
- (iv) **Giota as úrscéal**
- (v) **Dráma [nó giota as]**
nó
Scannán Gaeilge

- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear.
Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) Téamaí

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotaí:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (a) thuas ‘Prós Comónta Ainmnithe’, a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

2. **FILIOCHT: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe NÓ 2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

2(a) **Filíocht Chomónta Ainmnithe:**

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe filíochta atá molta don **Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal**.

- (i) **An Spailpín Fánach:** (véarsaí 1, 2, 3)
Duanaire na Meánteistiméireachta – Caoimhghin Ó Góilidhe a chuir in eagar. (Eagrán Oifigiúil, Folens, 1975)
- (ii) **Géibheann:** Caitlín Maude
Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
- (iii) **An tEarrach Thiar:** Máirtín Ó Direáin
Rogha Dánta – Máirtín Ó Direáin (Sáirséal agus Dill, 1949)
- (iv) **Mo Ghrá-sa (idir lúibíní):** Nuala Ní Dhomhnaill
Féar Suaithinseach – Nuala Ní Dhomhnaill (An Sagart, 1984)
- (v) **Colscaradh:** Pádraig Mac Suibhne
Solas Uaigneach – Pádraig Mac Suibhne (An Sagart, 1992)

NÓ

2(b) **Filíocht: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) **Cineálacha**
Déantar staidéar ar **chúig** dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse **roimh** 1850 a cumadh **dán amháin** díobh sin.
- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) Téamaí

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú ins na dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spésiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh

(iv) Ábhar nach bhfuil inghlactha

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (b) thuas 'Filíocht Chomónta Ainmnithe', a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

3. LITRÍOCHT BHREISE: ARDLAIBHÉAL

Ceann **amháin** de na rannóga **3A (Prós Breise) NÓ 3B (Dánta Breise)** thíos.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar phrós breise nó ar dhánta breise nó ar an dá rannóg díobh sin más é sin is rogha leo. Rannóg **amháin** díobh sin a bheidh le freagairt sa scrúdú. Seo a leanas an cúrsa de phrós breise agus de dhánta breise atá molta ag an gCoiste Cúrsa don Ardleibhéal.

3A: Prós Breise: Ceann **amháin** de na saothair ainmnithe **(i) – (v)** thíos.

- (i) *An Triail*:** Mairéad Ní Ghráda
An Triail – Mairéad Ní Ghráda (An Gúm, 1978) [go huile].
- (ii) *A Thig Ná Tit Orm*:** Maidhc Dainín Ó Sé
A Thig Ná Tit Orm – Maidhc Dainín Ó Sé (Coiscéim, 1987);
(C.J Fallon, Meán Fómhair, 2003) [Caibidilí 1 – 8, Lgh. 7 – 62].
- (iii) *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*:**
Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne – Nessa Ní Shé a chuir in eagar
(Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971) [Lgh. 1 – 72].
- (iv) *Gafa*:** Ré Ó Laighléis
Gafa – Ré Ó Laighléis (Móinín, 1996) [Lgh 7 – 64].
- (v) *Canary Wharf*:** Orna Ní Choileáin
Canary Wharf – Orna Ní Choileáin (Cois Life, 2009)

(cúig ghearrscéal ainmnithe as na deich ngearrscéal atá sa chnuasach)

- *Saineolaí Teicneolaí* (Lgh. 17 – 32)
- *Canary Wharf* (Lgh. 35 – 48)
- *Cosaint Sonraí* (Lgh. 69 – 86)
- *Cúrsaí Eitilte* (Lgh. 129 – 146)
- *Mil* (Lgh. 149 – 167)

NÓ

3B: Dánta Breise: Na cúig dhán ainmnithe seo a leanas **ar fad (i) – (v)** thíos.

(i) *Caoineadh Airt Uí Laoghaire:* Eibhlín Dhubh Ní Chonaill

Leagan 1

Díolaim Filíochta don Ardteistiméireacht: Caoimhghin Ó Góilidhe (Folens & a Chuid, Tta). (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Éigse – Duanaire Nua na hArdteistiméireachta: Breandán Ó Conaire (Mac Goill & Macmillan Teo) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Fios Feasa: Alan Harrison/Ursula Ní Dhálaigh (Comhlacht Oideachais na hÉireann) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Leagan 2

Caoineadh Airt Uí Laoghaire: Nuachóiriú le Seán Ó Tuama (An chéad chló, 1961).

Leabhair Thairghe, an Ceathrú hImleabhar: Seán Ó Tuama (An Clóchomhar Tta, athchló 2002) [Línte 1-68; 177-188].

Comhairlítear do mhúinteoirí agus do scoláirí staidéar a dhéanamh ar cheann amháin den dá leagan thuas

- (ii) *Fill Arís:*** Seán Ó Riordáin
Brosna – Seán Ó Riordáin (Sáirséal agus Dill, 1964).
- (iii) *A Chlann:*** Máire Áine Nic Gearailt
Mo Chúis Bheith Beo – Máire Áine Nic Gearailt (Coiscéim, 1991).
- (iv) *Colmáin:*** Cathal Ó Searcaigh
Gúrrú i gClúidíní – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2006).
- (v) *Éiceolaí:*** Bidy Jenkinson
Baisteadh Gintlí – Bidy Jenkinson (Coiscéim, 1986).

Stair Litríocht na Gaeilge - Ardleibhéal:

Tá sé molta ag an gComhairle nach mbeadh saincheist ar leith ann feasta ar 'Stair na Gaeilge' ag an Ardleibhéal mar a bhíodh. Moltar áfach, agus staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa litríochta, aird a thabhairt i gcónaí ar na saothair agus ar na húdair a shuíomh i gcomhthéacs stair litríocht na

Gaeilge. Ó thaobh na measúnachta de, ag an ardleibhéal, is féidir go gcuirfear focheist ghairid ar na gnéithe sin. Eolas faoin údar agus faoi chúlra agus comhthéacs an tsaothair a bheidh á lorg.

Tá mioneolas ar an gcóras measúnachta mar a bhainfidh le scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) ón mbliain 2012 amach le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit (www.examinations.ie) mar atá:

- S.90/10 (Nollaig 2010): An Scrúdú Gaeilge san Ardteistimeireacht ó 2012 ar aghaidh (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal).

HEBREW STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2019: As for 2017

LÉANN EABHRACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2019: Mar atá i 2017

ITALIAN

Leaving Certificate (Higher Level) in 2019:

Leonardo Sciascia, *A ciascuno il suo*

or

Alessandro D'Avenia, *Bianca come il latte, rossa come il sangue*

IODÁILIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2019:

Leonardo Sciascia, *A ciascuno il suo*

nó

Alessandro D'Avenia, *Bianca come il latte, rossa come il sangue*

LATIN

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2019:

Cicero, Pro Lege Manilia

Or

Vergil Book 1 (lines 1-519)

LÁIDIN

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2019:

Cicero, Pro Lege Manilia

nó

Vergil, Leabhar 1 (Línte 1-519)

MUSIC

In the case of Music, the prescribed works for the Leaving Certificate Examination in 2019 are as prescribed in **Group A (Appendix F)** of the syllabus.

CEOL

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2019 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa A (Aguisín F)** an tsiollabais.

SPANISH

Leaving Certificate (Higher Level) in 2019:

Eduardo Mendoza, ‘Sin Noticias de Gurb’

SPÁINNIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2019:

Eduardo Mendoza, ‘Sin Noticias de Gurb’

Syllabuses available on the Website:

www.education.ie > **Education Staff > Curriculum and Syllabus > Senior Cycle > Syllabuses and Prescribed Material > syllabuses listed in alphabetical order**

Siollabais ar fáil ar an Láithreán Gréasáin:

www.education.ie > **Foireann Oideachais > Curaclam agus Siollabas > an tSraith Shinsearach > Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe > na siollabais liostaithe in ord aibítire**